FÉACH THART Rang 4

STAIR

le Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 4 atá sa phacáiste **Féach Thart: Stair**. Cuirtear 19 dtéama staire i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim.

Dhá chuid atá sa phacáiste:

- 19 Sraith sleamhnán (comhaid *Powerpoint* atá ar fáil ar www.gaeilge.ie)
- Leabhar Oibre

Moltar don mhúinteoir an tsraith sleamhnán a úsáid ar dtús chun an téama staire a chur i láthair na ndaltaí. Spreagfaidh an cur i láthair na daltaí le suim a chur san ábhar agus le bheith fiosrach faoi. Pléifidh na daltaí ábhar na sleamhnán agus tabharfaidh siad faoi na gníomhaíochtaí a léirítear iontu. Tugtar naisc chuig suíomhanna Gréasáin éagsúla ag deireadh gach sraithe sleamhnán, rud a thabharfaidh deis do na daltaí breis eolais a fháil ar pé téama atá faoi chaibidil sna sleamhnáin.

Tá na 19 mír sa leabhar oibre bunaithe ar an ábhar sna sraitheanna sleamhnán. Tugtar deis do na daltaí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu agus tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar. Tabharfaidh na daltaí faoi cheisteanna scríofa a fhreagairt, crosfhocail a líonadh, focalchuardach a dhéanamh, lipéid a chur ar léaráidí, amlínte agus léaráidí a tharraingt, agus mórchuid gníomhaíochtaí eile. Déanfaidh siad anailís freisin, ar bhealaí éagsúla eile, ar an eolas a cuireadh ina láthair sna sraitheanna sleamhnán.

Moltar na téamaí a chur i láthair san ord ina bhfuil siad sa leabhar oibre, mar atá:.

1. Amlínte
2. Na Ceiltigh
3. Táin Bó Cuailgne
4. Oíche Shamhna
5. Iompar ar Tír
6. Seanghrianghraif
7. Nelson Mandela
8. Aeriompar
9. Lá Fhéile Bríde
10. An tSean-Róimh
11. Máirt na hInide
12. Pompeii
13. Androcles agus an Leon
14. Reilig i mo Cheantar
15. Na Normannaigh
16. Caisleáin na Normannach
17. Críostóir Colambas
18. Meiriceánaigh Dhúchasacha
19. Gráinne Mhaol Ní Mháille